**Leasú 315**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Nollaig ***2028***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin***, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíocha nua substaintiúla go bhfuil gá leis***, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. | 1. Faoin 31 Nollaig ***2032***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a ghnóthú agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. |

Or. en

**Leasú 316**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, measfar san athbhreithniú an gá an Treoir seo a athbhreithniú d'fhonn ailíniú a áirithiú le Treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Cáilíocht an Aeir agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. | Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a ghnóthú, measfar san athbhreithniú an gá an Treoir seo a athbhreithniú d'fhonn ailíniú a áirithiú***, a mhéid is indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch,*** le Treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Cáilíocht an Aeir agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. |

Or. en

**Leasú 317**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (a) tomhais sheasta ar ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), ózón ($O_3$)***, carbón dubh (BC), amóinia ($NH_3$) agus cáithníní sármhíne (UFP).*** | (a) tomhais sheasta ar ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), ózón ($O_3$)***;*** |

Or. en

**Leasú 318**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 7. Féadfar mearcair cáithníneach agus mearcair débhlaoscach gásach a thomhas freisin ag sárláithreáin faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha agus ag cúlsuíomhanna tuaithe. | 7. Féadfar mearcair cáithníneach agus mearcair débhlaoscach gásach***, carbón dubh (BC), amóinia (*** $NH_3$ ***) agus cáithníní sármhíne (UFP),*** a thomhas freisin ag sárláithreáin faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha agus ag cúlsuíomhanna tuaithe. |

Or. en

**Leasú 319**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I limistéir ina bhfuil na leibhéil dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhair cháithnínigh ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséine, aonocsaíde carbóin ***, arsanaice, caidmiam, nicile*** agus hidreacarbón il-timthriallach aramatach san aer comhthimpeallach faoi bhun na dteorainnluachanna faoi seach a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I , déanfaidh na Ballstáit leibhéil na dtruailleán sin a choinneáil faoi na teorainnluachanna . | 1. I limistéir ina bhfuil na leibhéil dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhair cháithnínigh ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséine, aonocsaíde carbóin agus beinsi[a]piréine san aer comhthimpeallach faoi bhun na dteorainnluachanna faoi seach a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, déanfaidh na Ballstáit leibhéil na dtruailleán sin a choinneáil faoi bhun na dteorainnluachanna. |

Or. en

**Leasú 320**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I limistéir ina bhfuil na leibhéil ózóin faoi bhun an ***spriocluacha ózóin*** déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na leibhéil sin a choinneáil faoi bhun an ***spriocluacha ózóin*** agus déanfaidh siad iarracht na cuspóirí fadtéarmacha a shonraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I , a mhéid is féidir de réir na dtosca lena n-áirítear cineál trasteorann an truailleáin ózóin agus na dálaí meitéareolaíocha , agus ar an gcoinníoll nach gcuimsíonn aon bheart riachtanach costas díréireach. | 2. I limistéir ina bhfuil na leibhéil ózóin***, arsanaice, caidmiam agus nicile*** faoi bhun na ***spriocluachanna,*** déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na leibhéil sin a choinneáil faoi bhun na ***spriocluachanna*** agus déanfaidh siad iarracht na cuspóirí fadtéarmacha a shonraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghnóthú, a mhéid is féidir de réir na dtosca lena n-áirítear cineál trasteorann an truailleáin ózóin agus na dálaí meitéareolaíocha, agus ar an gcoinníoll nach gcuimsíonn aon bheart riachtanach costas díréireach. |

Or. en

*Réasúnú*

*Target values shall be maintained for metals (arsenic, cadmium and nickel). Similarly to ozone, these metals shall be exempted from setting limit values due to complex characteristics which need to be considered when assessing the feasibility of complying with WHO levels. In the case of metals, contributions from natural sources shall be considered when assessing compliance.*

*External factors such as unstable meteorological conditions (dry weather, thermal inversion) or local geographical situation are important to consider at specific monitoring stations. It is important to take into account local conditions. The natural occurrence of metals and the co-existence of*

*other activities contributing to air pollution must be taken into careful consideration. It is important to restate the concept of target values for metals (arsenic, cadmium and nickel) to avoid disproportionate costs that clearly outweighs the benefits.*

6.9.2023 A9-0233/321

**Leasú 321**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar fud a gcuid limistéar , nach sáróidh na leibhéil dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhair cháithnínigh ( $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséine, aonocsaíde carbóin ***, arsanaice, caidmiam, nicile*** agus beinsi(a)piréine san aer comhthimpeallach, na teorainnluachanna a leagtar síos i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar fud a gcuid limistéar, nach sáróidh na leibhéil dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhair cháithnínigh ( $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), luaidhe, beinséine, aonocsaíde carbóin agus beinsi(a)piréine san aer comhthimpeallach, na teorainnluachanna a leagtar síos i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I. |

Or. en

**Leasú 322**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2.. I gcás ózóin, áiritheoidh na Ballstáit , trí na bearta go léir is gá a ghlacadh, bearta nach mbaineann costais dhíréireacha leo, nach sárófar ar fud na leibhéal ózóin na spriocluachanna ózóin , de réir mar a leagtar síos i Roinn 2, Pointe B, d'Iarscríbhinn I. | 2.. I gcás ózóin***, arsanaice, caidmiam agus nicile*** áiritheoidh na Ballstáit, trí na bearta go léir is gá a ghlacadh, bearta nach mbaineann costais dhíréireacha leo, nach sárófar ar fud na leibhéal ózóin na spriocluachanna ózóin, mar a leagtar síos i Roinn 2, Pointe B ***agus i Roinn 1, Pointe 3***, d'Iarscríbhinn I. ***Ní cheanglófar leis na bearta aon bhearta lena ngabhann costais dhíréireacha a théann thar chur i bhfeidhm na dteicnící is fearr atá ar fáil (TIFAF) mar a cheanglaítear le Treoir 2010/75/AE.*** |

Or. en

6.9.2023 A9-0233/323

**Leasú 323**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. In aon chás, i limistéar áirithe , nuair nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) ***nó*** dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach faoin spriocdháta a shonraítear i dTábla 1 de Roinn 1 d’Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe eisceachtúla scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha, dálaí aeráide díobhálacha nó rannchuidithe trasteorann, féadfaidh Ballstát an spriocdháta sin a chur siar aon uair amháin faoi uastréimhse 5 bliana don limistéar áirithe sin , má chomhlíontar na coinníollacha a leanas: | 1. In aon chás, i limistéar áirithe , nuair nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$)***, dé-ocsaíde nítrigine, beinséine, nó beinsi[a]piréine*** a bhaint amach faoin spriocdháta atá sonraithe i dTábla 1 de Roinn 1 d’Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha, dálaí aeráide díobhálacha nó rannchuidithe trasteorann ***nó dálaí sóisialta agus eacnamaíocha***, féadfaidh Ballstát an spriocdháta sin a chur siar aon uair amháin ar feadh uastréimhse 5 bliana don limistéar áirithe sin, má chomhlíontar na coinníollacha a leanas: |

Or. en

**Leasú 324**
**Anna Zalewska**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0233/2023**
**Javi López**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip
(COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh na bearta a fhorordaítear faoi mhír 1 go mír 3 bunaithe ar anailís a dhéanfar ar a n-acmhainneacht an sárú/na sáruithe mar aon leis na costais agus na sochair a bhaineann leo a mhaolú, mar atá molta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, agus reachtaíocht chomhshaoil earnáilsonrach á cur san áireamh go sonrach.*** |

Or. en